Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

# Dioplóma sa Chultúr Dúchais



**An bhfuil spéis agat i do Chultúr Dúchais?**
Ar mhaith leat tabhairt faoi chúrsa ollscoile sa chultúr dúchais agus deis agat é a dhéanamh i d'am féin? Seo do sheans!

## Cur síos ar an gcúrsa

Tá an cúrsa seo dírithe ar dhaoine a bhfuil spéis acu i gcultúr dúchais agus mbéaloideas na hÉireann. Is é aidhm an chúrsa eolas a roinnt le rannpháirtithe le go bhfaighidh siad léargas ar shaibhreas an chultúir sin. Gheobhaidh rannpháirtithe léargas freisin ar acmhainní agus ar shaothair a bhaineann leis an gcultúr dúchais, agus gheobhaidh siad deis forbairt phearsanta a dhéanamh agus cur lena gcáilíochtaí oideachais.

Cuirfear an cúrsa ar fáil ar an Idirlíon den chuid is mó, ar bhealach a thabharfaidh go leor saoirse do rannpháirtithe agus iad i mbun staidéir agus oibre. Cé go bhfuil an cúrsa seo dírithe ar gach duine a bhfuil spéis acu san ábhar, bhainfeadh daoine atá ag obair nó ar mhaith leo oibriú i réimsí áirithe tairbhe as freisin, mar shampla:

- Turasóireacht chultúrtha / forbairt pobail
- Na hEalaíona cruthaitheacha
- Múinteoireacht

## Tréimhse an chúrsa

Is cúrsa páirtaimseartha thar dhá bhliain ollscoile é seo (Meán Fómhair go hAibreán an dá bhliain).Mar go múintear ar an Idirlíon den chuid is mó é feilfidh sé do dhaoine ó cheann ceann na tíre agus fiú amháin iad siúd atá thar lear. Beidh formhór an chúrsa á theagasc ar an Idirlíon ach tiocfaidh rannpháirtithe le chéile trí huaire sa bhliain ar Champas na hOllscoile agus na hionaid Ghaeltachta i gcomhair ceardlanna / léachtaí traidisiúnta.

Beidh seisiún fáiltithe agus cláraithe do mhic léinn an chúrsa ar siúl i nGaillimh i mí Mheán Fómhair. Cuirfear sceideal an chúrsa ar fáil ag tús an chúrsa.

Ollscoil na Gaillimhe University of Galway | Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge







## Bliain 1

### Cúlra &Comhthéacs an Bhéaloidis
Léann an Bhéaloidis in Éirinn agus gnéithe éagsúla den chultúr dúchais.

### Gnéithe de na hEalaíona Dúchais
Amhránaíocht, ceol agus damhsa traidisiúnta.

### Deasghnátha agus Nósmhaireacht Thraidisiúnta
Tuiscintí agus nósanna traidisiúnta a bhaineann le breith agus le bás; féilte na bliana; leigheas traidisiúnta.

---

## Bliain 2

### An tOsnádúr sa Bhéaloideas
Tuiscintí dúchasacha faoin 'saol eile' sa bhéaloideas agus a dtábhacht sa phobal traidisiúnta.

### An Cultúr Ábhartha
Bealaí maireachtála agus ceirdeanna traidisiúnta.

### Aicmí na nAmhrán
Na cineálacha difriúla amhrán traidisiúnta; tréithe, stíleanna agus téamaí na n-amhrán.

---

## Cáilíocht
Dioplóma de chuid Ollsocil na Gaillimhe é seo atá ag Leibhéal 7 den Chreatlach Náisiúnta Cáilíochtaí agus tá 30 ECTS luaite leis. Sa chás nach gcríochnóidh an rannpháirtí ach Bliain 1, is féidir Teastas sa Chultúr Dúchais a bhronnadh air/uirthi ach an caighdeán cuí a bhaint amach i measúnuithe na bliana sin.

### Riachtanais iontrála
Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil caighdeán sásúil Gaeilge acu agus spéis acu sa chultúr dúchais. De bharr go mbeidh cuid mhór den chúrsa á cur ar fáil trí chianfhoghlaim ar an Idirlíon, ní mór go mbeadh ríomhaire agus ceangal leathanbhanda ag rannpháirtithe.

---

## Táille agus iarratais
Tá gach eolas faoi tháille an chúrsa le fáil ó Dhónal Ó Droighneáin, ag an uimhir fóin / seoladh ríomhphoist thíos. Chun iarratas a dhéanamh ar áit ar an gcúrsa téigh go dtí suíomh Idirlín Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge- tá an seoladh tugtha ag bun an leathanaigh seo.

*Ba phléisiúr agus ba shásamh mór dom an Dioplóma sa Chultúr Dúchais a dhéanamh. Bhí saibhreas ár gcultúir dúchais, an amhránaíocht, an ceol agus an béaloideas, curtha inár láthair i mbealach ábhartha dúinn trí léachtaí, físeáin, agus taifeadtaí iontacha spéisiúla ar líne. Chomh maith leis sin bhí ceardlanna 'beo' i gConamara agus bhí an-spreagadh ag baint leo. Bhí caighdeán agus fairsinge an eolais a bhí ar fáil thar barr agus bhí an fhoireann teagaisc an-chuidiúil go deo. Is tumadh iomlán é seo sa chultúr dúchais agus beidh iontas an tsaoil ort an bród a* ***mhothóidh tú as ár n-oidhreacht ársa luachmhar!***

**Dáirine Ní Mheadhra,**
(Corcaigh & Ceanada), iarfhoghlaimeoir.

## Tuilleadh eolais:


Dónal Ó Droighneáin (Stiúrthóir)
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge Ollscoil na Gaillimhe,
Carna, Co. na Gaillimhe.
t: +353 91 494629. r: donal.odroighneain@ollscoilnagaillimhe.ie

Micheál Ó Domhnaill
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge Ollscoil na Gaillimhe,
Gaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall.
t: +353 91 494662. r: modomhnaill@ollscoilnagaillimhe.ie

Odharnait Ní Chéilleachair
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge Ollscoil na Gaillimhe,
Campas na hOllscoile, Gaillimh.
t: +353 91 495449. r: odi.nicheilleachair@ollscoilnagaillimhe.ie


Eolas faoi chúrsaí ag
**www.ollscoilnagaillimhe.ie/acadamh**